LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

# Brústocaireacht a Rialáil

# 2017

## Tuarascáil Bhliantúil



Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 HE97

Teileafón: (01) 639 5722
R-phost: info@lobbying.ie
Suíomh Gréasáin: www.lobbying.ie
Twitter: @LobbyingIE

ISSN: 2009-9363

arna dearadh ag CATALYSTO

# Clár Ábhar

**Brollach** 2

**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí** 3

**Réamhrá ón gCathaoirleach** 4

**Ráiteas ón gCeann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil** 6

**Caibidil 1 – Cláruithe agus Tuairisceáin** 9

Iarratais ar chlárú 9
Tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta 10
Gníomhaíochtaí brústocaireachta i ndáil le criosú agus forbairt 13

**Caibidil 2 – Tosach Feidhme na bhForálacha Forfheidhmithe** 15

**Caibidil 3 – Oibríochtaí** 19

Cinntí faoi alt 14 den Acht 19
Imscrúduithe faoi alt 19 den Acht 20
Iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht 20
Ciontuithe i leith cionta faoi alt 20 den Acht 28

**Caibidil 4 - Cumarsáid agus For-rochtain** 31

Gníomhaíochtaí for-rochtana 31
Uirlisí faisnéise agus acmhainní 32
Stór lárnach comhlachtaí a oibríonn faoin gCód Trédhearcachta 33

**Caibidil 5 – Príomh-Shaincheisteanna sa Bhliain 2017 agus na Chéad Chéimeanna Eile** 35

Béim mhéadaithe ar cháilíocht na faisnéise a chuirtear isteach chuig an gClár 35
Cód iompair a fhorbairt 36

**Caibidil 6 – Moltaí le hAghaidh athruithe** 39

Moltaí a rinneadh roimhe seo 39
Moltaí nua 39
Conclúid 39

**Aguisín 1 - An Ról Maoirseachta faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015** 41

**Aguisín 2 - Staitisticí** 45

# Brollach

Cuireadh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) ar bun sa bhliain 2001, agus feidhmíonn sé mar Chláraitheoir Brústocaireachta. Pléitear sa tuarascáil seo leis na gníomhaíochtaí ar thug an Coimisiún fúthu sa bhliain 2017 le linn dó gníomhú mar Chláraitheoir Brústocaireachta agus maoirseacht a dhéanamh ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

De réir fhorálacha alt 25(1) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2017 ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a chur isteach lena leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.



**An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe**
Cathaoirleach
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meitheamh 2018

# Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Comhlacht neamhspleách a bunaíodh i mí na Nollag 2001 leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, is ea an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún). Tá freagracht maoirseachta air faoi shraith píosaí reachtaíochta ar leith lena bpléitear le heitic in oifigí poiblí, le rialáil toghcháin agus le maoiniú polaitíochta agus le tuairisciú airgeadais polaitíochta.

Leathnaíodh sainchúram an Choimisiúin arís eile sa bhliain 2015 nuair a achtaíodh an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015. Tá ról maoirseachta an Choimisiúin faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil leagtha amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil.

Tá seisear comhaltaí ag an gCoimisiún, atá faoi chathaoirleacht ag iarbhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún:

- An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe, Cathaoirleach;
- Seamus McCarthy, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Peter Tyndall, an tOmbudsman;
- Peter Finnegan, Cléireach Dháil Éireann;
- Martin Groves, Cléireach Sheanad Éireann; agus
- Jim O'Keeffe, Iarchomhalta de Dháil Éireann.

Is é Oifig an Ombudsman a chuireann an Rúnaíocht don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar fáil.

# Réamhrá ón gCathaoirleach



**An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe**
Cathaoirleach

Faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil (an tAcht), tá an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) freagrach as an gClár Brústocaireachta ar líne (an Clár) a chothabháil, as treoir a sholáthar maidir le hoibriú an Achta, as na feidhmeanna cinnteoireachta dá bhforáiltear san Acht a chomhlíonadh, as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta agus, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, as imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe iomchuí ar an Acht agus as smachtbhannaí iomchuí a riar ina leith.

## Tuairisceáin chuig an gClár sa bhliain 2017

Le linn na bliana 2017, cuireadh beagnach 10,000 tuairisceán isteach chuig an gClár Brústocaireachta ar líne i leith na dtrí thréimhse tuairiscithe sa bhliain 2017. Bhí 1,648 nduine cláraithe ar an gClár Brústocaireachta ag an 31 Nollaig 2017. Léiríonn an líon sin go bhfuil an tAcht á chomhlíonadh mar ghnás anois.

## Tosach feidhme na bhforálacha forfheidhmithe

Tháinig forálacha forfheidhmithe an Achta i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017 agus tugadh leo don Choimisiún na cumhachtaí dlí a theastaíonn chun cur chun feidhme éifeachtach an Achta a chinntiú. Cumhachtaítear leo don Choimisiún imscrúduithe a thionscnamh freisin. Is é seo an chéad uair riamh atá ról den sórt sin ag an gCoimisiún.

Rinneadh ullmhúchán don chur chun feidhme le linn na bliana 2016. Chuir an Coimisiún Aonad Gearán agus Imscrúduithe ar leith ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar gach imscrúdú agus ionchúiseamh a thagann chun cinn faoin Acht. Cheap sé nósanna imeachta le haghaidh déileáil leis an mainneachtain tuairisceáin a chur isteach agus le tuairisceáin dhéanacha freisin. Cuireadh na próisis agus na nósanna imeachta sin ar áireamh sa chóras clárúcháin ar líne. Cuireadh córas ar líne le haghaidh Fógraí Íocaíochta Seasta a eisiúint, a íoc agus a riar i bhfeidhm freisin.

## An chéad athbhreithniú ar oibriú an Achta

Sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an chéad athbhreithniú ar oibriú an Achta an 31 Lúnasa 2016. Chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an Aire ansin, rud a bhí bunaithe ar an eispéireas a bhí aige sa chéad bhliain inar riar sé an tAcht.

Foilsíodh tuarascáil an Aire maidir le torthaí an athbhreithnithe reachtaigh ar shuíomh gréasáin na Roinne an 2 Bealtaine 2017. Níor moladh sa tuarascáil go ndéanfaí aon leasuithe ar an Acht. Moladh inti, áfach, go ndéanfadh an Coimisiún roinnt gníomhartha riaracháin agus oibríochtúla chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na hábhair imní a tarraingíodh anuas san athbhreithniú.

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht gach trí bliana ina dhiaidh sin. Shainaithin an Coimisiún roinnt réimsí eile a bhféadfaí na forálacha reachtacha a shoiléiriú nó a neartú iontu agus féachfaidh sé ar an gcéad athbhreithniú eile, atá sceidealta don bhliain 2019, mar dheis eile chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le riar an Achta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den Choimisiún as a gcuid oibre le linn na bliana 2017. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Sherry Perreault, an Ceann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil, agus leis an Aonad um Brústocaireacht a Rialáil freisin as an obair chrua a rinne siad sa bhliain seo a chuaigh thart.



**An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe**
Cathaoirleach

# Ráiteas ón gCeann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil



**Sherry Perreault**
Ceann um Eitic agus
Brústocaireacht a Rialáil

Ó rith an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, tá clocha míle éagsúla bainte amach maidir lena riar, lena n-áirítear: seoladh an Chláir, an chéad spriocdháta le haghaidh tuairisceán, an chéad tuarascáil bhliantúil, an chéad athbhreithniú reachtach agus, sa bhliain seo a chuaigh thart, tosach feidhme fhorálacha forfheidhmithe an Achta. De réir mar a bhaintear gach cloch mhíle amach, faightear deis chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta agus chun súil a choinneáil ag an am céanna ar a bhfuil fós le déanamh.

Mar aon leis an reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm, ceann de na príomhthosaíochtaí sa bhliain 2016 ba ea ullmhú don fhorfheidhmiú. Rinneadh na hathruithe teicniúla riachtanacha ar an gClár ionas go bhféadfaí Fógraí Íocaíochta Seasta nua a bhainistiú ar bhealach soiléir comhsheasmhach. Cuireadh beartais nua agus nósanna imeachta riaracháin nua i bhfeidhm chun a chinntiú go nglacfaí cur chuige comhsheasmhach i leith forfheidhmiú, agus earcaíodh agus oileadh baill foirne bhreise chun na críche sin. Chabhraigh gach ceann de na bearta sin le cur chun feidhme éifeachtach éifeachtúil fhorálacha forfheidhmithe an Achta a chinntiú.

Dírítear go príomha go fóill, áfach, ar chomhlíonadh a spreagadh ar an gcéad ásc. Bunaithe ar na tosaíochtaí a sainaithníodh sa tuarascáil bhliantúil don bhliain seo caite, déantar athbhreithniú rialta ar chláruithe nua chun a chinntiú go bhfuil ceanglas ar na daoine atá ag clárú an méid sin a dhéanamh i ndáiríre. Déantar athbhreithniú ar gach tuairisceán agus tugtar aiseolas ina leith, nuair is gá, chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá iontu cruinn, cuimsitheach agus fiúntach. Chomh maith leis sin, seoladh tuilleadh for-rochtain shainoiriúnaithe chun comhlíonadh a mhéadú in earnálacha atá faoi ghannionadaíocht agus i réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tugtar an fhaisnéis ar ár suíomh gréasáin cothrom le dáta go leanúnach agus féachtar ar an gcumarsáid le geallsealbhóirí mar fhreagracht leanúnach.

Ceann de na príomhthosaíochtaí i mbliana ba ea feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise ar an gClár. A bhuí leis an taithí atá gnóthaithe acu, d'éirigh le cláraithe barr feabhais a chur ar a scileanna agus, in éineacht leis an aiseolas sainoiriúnaithe a tugadh dóibh, tháinig feabhas ar cháilíocht na dtuairisceán ó spriocdháta go spriocdháta.


Le blianta beaga anuas, iarradh ar an gCoimisiún arís agus arís eile a thaithí a chomhroinnt le rialálaithe eile, le hinstitiúidí agus le hacadóirí a bhfuil spéis acu sa bhrústocaireacht a rialáil. Mar gheall ar an tairbhe ollmhór a bhaineann le malartuithe den sórt sin agus ar an líon méadaitheach tíortha san Eoraip a bhfuil brústocaireacht á rialáil acu, seolfar líonra rialálaithe brústocaireachta Eorpacha. Reáchtálfar ceardlann do chleachtóirí i mBaile Átha Cliath in earrach na bliana 2018 chun an chéad deis a thabhairt chun taithí agus dea-chleachtais a chomhroinnt.

An chloch mhíle dheireanach nach bhfuil bainte amach againn go fóill is ea cód iompair Brústocaireachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, mar a fhoráiltear dó in alt 16 den Acht. Cé go bhforáiltear leis an Acht nach mór do dhaoine atá i mbun brústocaireachta clárú agus tuairisceáin a chur isteach, beidh sé mar aidhm leis an gcód a chinntiú go seolfar an ghníomhaíocht brústocaireachta í féin ar an mbealach is eiticiúla agus is trédhearcaí agus is féidir. Le linn dóibh a ngníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh, beifear ag súil leis go dtabharfaidh daoine atá i mbun brústocaireachta aird ar an gcód iompair Brústocaireachta. Chun a chinntiú go mbeidh an cód fiúntach agus go mbeidh tionchar aige ar na daoine atá faoina réir, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún próiseas comhairleach a sheoladh go luath sa bhliain 2018 chun go mbeidh cód i bhfeidhm aige faoi dheireadh na bliana 2018. Áirítear leis na tosaíochtaí oibríochtúla eile don bhliain atá romhainn córas an Chláir a athbhreithniú chun a chinntiú go mbeidh sé chomh soláimhsithe agus is féidir agus leasú a dhéanamh ar na treoirlínte uile atá ann cheana.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le foireann an Aonaid um Brústocaireacht a Rialáil agus le mór-Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin as a gcuid oibre thar an mbliain seo a chuaigh thart, go háirithe an tsárobair a rinne siad chun forálacha forfheidhmithe an Achta a chur chun feidhme. Is an-mhór ag na comhaltaí den Choimisiún agus agamsa féin araon an obair a dhéanann siad.



**Sherry Perreault**
Ceann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil




# CAIBIDIL 1

## Cláruithe agus Tuairisceáin

# Caibidil 1 – Cláruithe agus Tuairisceáin

Sa tuarascáil seo, tá an Coimisiún ag tabhairt tuairisc ar na tuairisceáin a fuarthas i leith na dtrí thréimhse tuairiscithe le linn na bliana 2017. Ba iad na tréimhsí sin ná an 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán, an 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa agus an 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig. Ba iad na spriocdhátaí tuairiscithe faoi seach do na trí thréimhse sin ná an 21 Bealtaine 2017, an 21 Meán Fómhair 2017 agus an 21 Eanáir 2018.

**Fíor 1 – Cláraithe ar an gClár**





## Iarratais ar chlárú

Le linn na bliana 2017, fuarthas 244 iarratas nua ar chlárú. Déantar athbhreithniú ar gach iarratas anois chun a chinntiú go bhfuil ceanglas ar an duine lena mbaineann clárú agus gur chláraigh sé/sí i gceart. Seoltar chuig gach iarratasóir nua litir ina leagtar amach spriocdhátaí na dtréimhsí tuairiscithe, na dea-chleachtais maidir le cuntais a riar agus sonraí faoi na forálacha forfheidhmithe.

Le linn na bliana 2017, tugadh faoi deara gur roghnaigh níos mó ná 900 cláraí cineál “eile” gníomhaíochta mar phríomhghníomhaíocht gnó ar a n-iarratas ar chlárú. Sa Tuarascáil ar an gCéad Athbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, moladh don Choimisiún iarracht a dhéanamh an líon eagraíochtaí a bhfuil a bpríomhghníomhaíocht gnó cláraithe mar ghníomhaíocht “eile” a laghdú. Ina dhiaidh sin, leathnaigh an Coimisiún na roghanna atá ar fáil do chláraithe agus á bpríomhghníomhaíocht gnó á roghnú acu. Scrios sé gníomhaíocht “eile” mar rogha freisin.

Sheol an Coimisiún ríomhphost chuig gach cláraí a roghnaigh gníomhaíocht "eile" mar phríomhghníomhaíocht gnó roimhe sin, rud inar iarr sé orthu a gclárú a thabhairt cothrom le dáta. Tá an méid sin déanta ag níos mó ná leath na n-eagraíochtaí lena mbaineann go dtí seo. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le dul i dteagmháil leo sin nár leasaigh a n-iarratas ar chlárú go fóill. Tá na cúig chur síos is coitianta ar phríomhghníomhaíocht gnó curtha i láthair thíos.

**Fíor 2 – Na 5 chur síos is coitianta ar phríomhghníomhaíocht gnó sna hiarratais ar chlárú**





## Tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta


Cuireadh beagnach 10,000 tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach i leith na dtrí thréimhse tuairiscithe sa bhliain 2017. Leagtar amach sna graif thíos an líon tuairisceán a fuarthas i leith gach tréimhse iomchuí; na "nithe iomchuí" ar seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta orthu; agus na réimsí beartais is coitianta ar seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta ina leith.

Tá tuairisceáin "nialasacha" ar áireamh sa líon tuairisceán a fuarthas freisin. Chuir roinnt cláraithe níos mó ná tuairisceán amháin isteach, rud a léirigh go ndearna siad brústocaireacht ar níos mó ná ábhar amháin. I gcodarsnacht leis sin, níor chuir roinnt cláraithe aon tuairisceán isteach do thréimhse iomchuí.


**Fíor 3 – Miondealú ar an líon tuairisceán a fuarthas in aghaidh na tréimhse tuairiscithe (2017 vs 2016)**




**Fíor 4 – Na "Nithe Iomchuí" ar seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta orthu**



**Fíor 5 – Na 5 réimse beartais is coitianta (de réir tréimhse iomchuí i mbliain 2017) ar tuairiscíodh gníomhaíochtaí brústocaireachta orthu**




Coinnítear cáilíocht na faisnéise a chuirtear isteach chuig an gClár faoi athbhreithniú. I gcás go measann an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis a thugtar in iarratas ar chlárú nó i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta míchruinn nó míthreorach nó nach bhfuil sách sonraí inti, iarrfaidh an Coimisiún ar an duine (faoi alt 13 den Acht) leasú a dhéanamh ar a (h)iarratas nó ar a t(h)uairisceán, de réir mar a bheidh. D'fhoilsigh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin liosta de ghaistí coitianta atá le seachaint agus tuairisceán á chur isteach.

Coinnítear feidhmíocht an Chláir ar líne faoi athbhreithniú ó thaobh an úsáideora de agus ó thaobh an Choimisiúin de mar riarthóir araon chun a chinntiú go mbíonn sé á oibriú ar an mbealach is éifeachtaí is féidir. Tá pleananna ar bun chun tuilleadh obair forbartha a dhéanamh le linn na bliana 2018 ar mhaithe le hinúsáidteacht agus feidhmiúlacht an Chláir a fheabhsú arís eile.

## Gníomhaíochtaí brústocaireachta i ndáil le criosú agus forbairt

Maidir le líon suntasach daoine a mhainnigh tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach, ba dhaoine iad a scoir go buan cheana féin dá ngníomhaíochtaí brústocaireachta ach nár athraigh a gclárú. Bíonn ceanglas leanúnach ar chláraí tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach (lena n-áirítear tuairisceáin “nialasacha” i gcás nár seoladh aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta) fad a bhíonn a c(h)lárú gníomhach.

Maidir le líon suntasach de na daoine sin, ba dhaoine aonair iad a chláraigh i ndáil le gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhain le talamh a chriosú nó a fhorbairt (dá bhforáiltear faoi alt 5(1)(c) den Acht). Níl feidhm ag forálacha alt 5(2) den Acht (an ceanglas atá ann go mbeidh deichniúr fostaithe lánaimseartha ag duine nó go mbeidh fostaí lánaimseartha amháin ag duine i gcás comhlachtaí ionadaitheacha nó tathanta) maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaineann le talamh a chriosú nó a fhorbairt. Fágann sé sin gurb amhlaidh, maidir le daoine aonair nó comhlachtaí nach dtiocfadh faoi raon feidhme an Achta de ghnáth, go dtagann siad faoi fhorálacha an Achta i gcás go bhfuil siad ag seoladh cumarsáid iomchuí a bhaineann le talamh a chriosú nó a fhorbairt.

Murab ionann agus ailt 5(1)(a) agus 5(1)(b) den Acht, ní áirítear le halt 5(1)(c) an téarma “déanamh cumarsáidí iomchuí a bhainistiú nó a threorú”. Bunaithe ar alt 5(1)(c) den Acht, d’fhéadfaí a léiriú gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil cumann cónaitheoirí i mbun feachtas in aghaidh talamh a chriosú nó a fhorbairt agus go dtreoraíonn sé do chónaitheoirí an limistéir cumarsáid a dhéanamh lena n-ionadaí áitiúil ar an ní, nach mór do gach duine a dhéanann teagmháil lena n-ionadaí áitiúil i gcomhréir leis an iarraidh ón gcumann cónaitheoirí clárú agus tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach. Ina theannta sin, bheadh ceanglas leanúnach ar dhuine den sórt sin tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach (lena n-áirítear tuairisceáin “nialasacha”) ach amháin i gcás gur athraigh an duine a c(h)lárú chun a chur in iúl gur scoir sé/sí go buan de bhrústocaireacht.

Tá an Coimisiún den tuairim nach raibh sé i gceist go mbeadh ilchláruithe agus iltuairisceáin den sórt sin sa Chlár. Glacann an Coimisiún cur chuige praiticiúil i leith fhorálacha alt 5(1)(c). I gcás go bhfuil cumann cónaitheoirí nó comhlacht den chineál céanna ag eagrú feachtas pobail maidir le breith criosaithe ar leith nó maidir le ní forbartha ar leith, féadfaidh an cumann/an comhlacht iarratas aonair ar chlárú agus tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach i leith na ngníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh thar ceann an chumainn/an chomhlachta. Ní mór sonraí faoi na daoine (an Coiste, etc.) atá freagrach as an bhfeachtas a bhainistiú a thabhairt san iarratas/sa tuairisceán, áfach.

Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart breithniú a dhéanamh sa chéad athbhreithniú eile ar an Acht ar cé acu is gá nó nach gá raon feidhme fhorálacha alt 5(1)(c) den Acht a theorannú.



# CAIBIDIL 2

## Tosach Feidhme na bhForálacha Forfheidhmithe

# Caibidil 2 – Tosach Feidhme na bhForálacha Forfheidhmithe

D'fhógair an tAire i mí Iúil 2016 go dtiocfadh Cuid 4 den Acht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Tugtar leis na forálacha atá i gCuid 4 d'údarás don Choimisiún sáruithe iomchuí ar an Acht a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus Fógraí Íocaíochta Seasta a eisiúint mar phionóis i leith tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chomhdú go déanach.

Foráiltear le halt 20(1) den Acht gur cion é tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach go déanach. Foráiltear le halt 21(1) den Acht go bhféadfar Fógra Íocaíochta Seasta €200 a sheirbheáil ar aon duine nach gcuireann tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach in am. Is é is aidhm don Chlár ar líne a chinntiú go n-eiseofar Fógra Íocaíochta Seasta go huathoibríoch chuig aon duine a chuireann tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach go déanach.

Foráiltear le halt 20(2) den Acht do smachtbhannaí níos tromchúisí a fhorchur i leith cionta eile, lena n-áirítear:

- gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh gan a bheith cláraithe ar an gClár;
- mainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach;
- tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach go déanach;
- faisnéis arb eol í a bheith míchruinn nó míthreorach a sholáthar don Choimisiún;
- cosc a chur ar imscrúdú atá á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi alt 19 den Acht; agus
- mainneachtain ceanglas faoi alt 19(4) den Acht a chomhlíonadh, is é sin, iarraidh ó "oifigeach údaraithe" go dtabharfaí cúnamh dó/di le linn imscrúdú a dhéanamh faoi alt 19(4) den Acht.

Má chuirtear tuairisceán isteach go déanach, eiseofar Fógra Íocaíochta Seasta i leith an chiona. Mura n-íoctar an pionós seasta, áfach, féadfar an duine lena mbaineann a ionchúiseamh i leith an tuairisceáin dhéanaigh.

Faoi alt 19 den Acht, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún imscrúduithe a dhéanamh. Is leagtha amach i gCaibidil 3 den tuarascáil atá sonraí faoi na himscrúduithe a rinneadh faoi alt 19 den Acht, faoi na ciontuithe i gcionta faoi alt 20 den Acht agus faoi na Fógraí Íocaíochta Seasta a eisíodh faoi alt 21 den Acht le linn na bliana 2017.

Bhí feidhm ag na forálacha forfheidhmithe maidir le tuairisceáin a bhí dlite faoin gcéad spriocdháta tar éis thosach feidhme na bhforálacha forfheidhmithe (an 21 Eanáir 2017). Maidir le haon duine a sheol gníomhaíocht brústocaireachta sa tréimhse iomchuí idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2016, bhí siad faoi réir fhorálacha forfheidhmithe agus phionóis an Achta, lena n-áirítear iad sin i leith tuairisceáin a chur isteach go déanach agus i leith mainneachtain tuairisceáin a chur isteach.

Tá Aonad Gearán agus Imscrúduithe ar leith ar bun sa Choimisiún anois chun bainistiú a dhéanamh ar gach imscrúdú agus ionchúiseamh a thagann chun cinn faoin Acht. Chuir an tAonad nósanna imeachta le chéile le haghaidh imscrúdú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh i ndáil le brústocaireacht neamhthuairiscithe ag daoine cláraithe agus ag daoine neamhchláraithe araon. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm freisin le haghaidh déileáil le neamhchomhlíonadh ag daoine cláraithe i ndáil leis an mainneachtain tuairisceáin maidir le gníomhaíocht brústocaireachta a chur isteach agus i ndáil le tuairisceáin a chur isteach go déanach.

Déanann an Coimisiún faireachán gníomhach ar aon ghníomhaíocht brústocaireachta neamhchláraithe a d'fhéadfadh a bheith ann trí leas a bhaint as faisnéis foinse oscailte, amhail ailt sna meáin, fógraí sna meáin shóisialta agus an reachtaíocht atá beartaithe, nó ar bhonn na ngearán a fhaightear. Nuair a shainaithnítear gníomhaíocht brústocaireachta den sórt sin, déantar measúnú chun an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a bhailiú agus chun a mheas cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an ghníomhaíocht an tástáil thrí chéim, (i.e. an dtagann an comhlacht faoin raon feidhme, an ndearnadh an chumarsáid le hOifigeach Poiblí Ainmnithe iomchuí, agus ar bhain an chumarsáid le ní iomchuí). D'fhéadfadh go seolfaí imscrúdú chun an fhianaise a theastaíonn a bhailiú. Tar éis an imscrúdaithe, ullmhaítear tuarascáil don Choimisiún ionas gur féidir leis a chinneadh cé acu a rachaidh nó nach rachaidh sé ar aghaidh le hionchúiseamh.

Tar éis gach spriocdháta le haghaidh tuairisceán, tógtar faisnéis ón gClár brústocaireachta faoin líon cásanna inar cuireadh tuairisceáin isteach go déanach agus inar mainníodh tuairisceáin a chur isteach don tréimhse lena mbaineann. Úsáidtear an fhaisnéis sin mar bhonn do neamhchomhlíonadh ag daoine cláraithe a imscrúdú.

Eiseofar Fógra Íocaíochta Seasta go huathoibríoch chuig aon duine a chuireann tuairisceán isteach go déanach. Sonraítear san Fhógra Íocaíochta Seasta an dáta nach mór an pionós a íoc faoi. Foráiltear le halt 21 den Acht nach dtionscnófar aon ionchúiseamh má íoctar an pionós faoin dáta sonraithe. Mura n-íoctar an Fógra Íocaíochta Seasta, ionchúiseoidh an Coimisiún an cion (faoi alt 20(1) den Acht) a bhaineann le tuairisceán a chur isteach go déanach.

I gcás gur mhainnigh duine tuairisceán a dhéanamh, féachfaidh an Coimisiún de ghnáth le teagmháil a dhéanamh leis an duine agus le hiarraidh air/uirthi an tuairisceán a chur isteach. Is é príomhaidhm an Choimisiúin ina leith sin comhlíonadh na reachtaíochta brústocaireachta a spreagadh. Déantar gach iarracht réasúnach comhoibriú le cláraithe chun an ní a réiteach sula dtionscnófar aon imeachtaí ionchúisimh.

I gcás gur sháraigh duine an tAcht, mar shampla, trí mhainneachtain tuairisceán a chur isteach don tréimhse riachtanach nó trí thuairisceán a chur isteach go déanach agus mainneachtain an Fógra Íocaíochta Seasta lena mbaineann a íoc, eiseoidh an Coimisiún fógra faoi chion chuig an duine freagrach, rud ina dtabharfar sonraí faoin gcion agus treoracha maidir le conas is féidir ionchúiseamh a sheachaint ina leith. Mura féidir an ní a réiteach, mar shampla, i gcás nach gcomhoibríonn an cláraí leis an gCoimisiún nó go ndiúltaíonn an cláraí comhlíonadh, ullmhófar tuarascáil don Choimisiún ionas gur féidir leis a chinneadh cé acu a rachaidh nó nach rachaidh sé ar aghaidh le hionchúiseamh.

# CAIBIDIL 3

## Oibríochtaí



# Caibidil 3 – Oibríochtaí

Ceanglaítear le halt 25(2) den Acht go gcuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar áireamh sa tuarascáil seo:

- aon chinntí faoi alt 14 a rinneadh nó a bhí i bhfeidhm sa bhliain sin (iarrataí ar fhoilsiú moillithe);
- aon imscrúduithe faoi alt 19 a rinneadh agus a críochnaíodh sa bhliain sin;
- aon iarratais ar thoiliú a rinneadh faoi alt 22 (srianta iarfhostaíochta), agus na breitheanna go léir i dtaobh na n-iarratas sin, a rinneadh sa bhliain sin;
- aon chiontuithe i leith cionta faoi alt 20 sa bhliain sin; agus
- aon Fhógraí Íocaíochta Seasta a seirbheáladh faoi alt 21 sa bhliain sin.

Ní mór an fhaisnéis sin a thabhairt i bhfoirm nach gcumasaíonn na daoine lena mbaineann a aithint.

## Cinntí faoi alt 14 den Acht

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar mhoill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá ina (h)iarratas ar chlárú nó ina t(h)uairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcás, maidir le haon fhaisnéis a chur ar fáil, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis:

1. go mbeadh drochéifeacht thromaí ag an gcur ar fáil sin ar leasanna airgeadais an Stáit, ar an ngeilleagar náisiúnta, nó ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar leasanna gnó daoine d'aon tuairisc; nó
2. go mbeadh an cur ar fáil sin ina chúis le caillteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó go ndéanfaí dochar mór leis an gcur ar fáil sin do staid iomaíochta an duine sin i seoladh shlí bheatha, ghairm nó ghnó an duine nó do thoradh aon chaibidlí conarthacha nó eile atá á seoladh ag an duine sin.

Is leagtha amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an Tuarascáil seo atá ról an Choimisiúin maidir le cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar fhoilsiú a mhoilliú.

**Fíor 6: Iarratais ar fhoilsiú tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a mhoilliú**

| Cur síos | Toradh | An líon iarratas |
|---|---|---|
| An líon iomlán iarratas a fuarthas | | 2 |
| Ceadaíodh an iarraidh ar fhoilsiú moillithe | Moillíodh foilsiú an tuairisceáin iomláin. Foilsíodh an tuairisceán seo i bhformáid achomair. | 2 |

Chuir an t-aon duine amháin an dá iarratas isteach agus bhain siad leis an ábhar céanna. Measadh gur faoi alt 14(1)(b) den Acht a rinneadh an dá iarratas.

Bhain an chéad iarratas le tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i leith na tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán 2017. Iarradh go moilleofaí an foilsiú go dtí an 1 Meán Fómhair 2017. Mheas an Coimisiún go raibh sé cuí dul i gcomhairle leis an Aire iomchuí den Rialtas ar an ní. Ba dheimhin leis an gCoimisiún go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go ndéanfadh foilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán dochar mór don toradh ar chaibidlí a bhí á seoladh ag an duine lena mbaineann. Chinn an Coimisiún, mar sin, gur cheart an fhaisnéis a bhí sa tuairisceán a fhoilsiú i bhformáid achomair amháin agus go ndéanfaí foilsiú na faisnéise ar fad a bhí sa tuairisceán a mhoilliú go dtí an 1 Meán Fómhair 2017.

Rinne an t-iarratasóir iarratas ina dhiaidh sin ar dhá sheachtain eile a chur le tréimhse an fhoilsithe mhoillithe. Ba dheimhin leis an gCoimisiún gurbh ann go fóill do na coinníollacha a bhí taobh thiar dá bhreith bhunaidh chun an foilsiú a mhoilliú. Chinn sé gur cheart foilsiú na faisnéise ar fad a bhí sa tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a mhoilliú go dtí an 30 Meán Fómhair 2017 agus go ndéanfaí athbhreithniú iomlán ar an mbreith ag an dáta sin.

Bhain an dara hiarratas le tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i leith na tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin idir an 1 Bealtaine agus an 31 Lúnasa 2017. Iarradh san iarratas go moilleofaí an foilsiú go dtí an 30 Meán Fómhair 2017. Ós rud é gur chinn an Coimisiún cheana féin gur cheart leanúint ar aghaidh leis an tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i leith na tréimhse tuairiscithe roimhe sin idir an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán 2017 a fhoilsiú i bhformáid achomair go dtí an 30 Meán Fómhair 2017, ba dheimhin leis gur cheart an tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i leith na tréimhse nua a fhoilsiú ar an gClár i bhformáid achomair ar feadh na tréimhse ama céanna freisin.

Foilsíodh an dá thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta ina n-iomláine ar an gClár an 11 Deireadh Fómhair 2017. In éineacht leis an tuairisceán sin, mhínigh an Coimisiún cén fáth a raibh an fhaisnéis a bhí sna tuairisceáin le fáil i bhformáid achomair amháin roimhe sin.

## Imscrúduithe faoi alt 19 den Acht

Tugtar le halt 19 d'údarás don Choimisiún imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar an Acht. Níor cuireadh aon imscrúduithe i gcrích le linn na bliana 2017.

## Iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht

Foráiltear le halt 22 den Acht go mbeidh Airí den Rialtas, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh phoiblí shinsearacha arna bhforordú chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir tréimhse mharana aon bhliana. Is tréimhse é sin ar lena linn nach bhféadfaidh siad gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha agus nach bhféadfaidh siad bheith fostaithe ag duine, ná nach soláthróidh siad seirbhísí do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí

brústocaireachta. Is ionann an tréimhse mharana agus an tréimhse aon bhliana amháin dar tosach an lá a scoir an duine dá bheith ina (h)Oifigeach Poiblí Ainmnithe.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse mharana aon bhliana iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún go ndéanfaí an tréimhse mharana a laghdú nó a tharscaoileadh. Is leagtha amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil seo atá tuilleadh faisnéise faoi fhorálacha alt 22 den Acht agus faoin ról atá ag an gCoimisiún faoi alt 22 den Acht.

Agus iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht á mbreithniú aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an iarratasóir, lena f(h)ostóir roimhe, lena f(h)ostóir ionchasach (nó leis an duine dá mbeartaíonn sé/sí seirbhísí a sholáthar) agus le haon duine eile is cuí leis an gCoimisiún. D'fhéadfadh go mbreithneodh an Coimisiún na nithe seo a leanas freisin:

- an ról atá ag an duine mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe agus na freagrachtaí a ghabhann leis an ról sin;
- an ról beartaithe atá ag an duine ina f(h)ostaíocht nua nó ina c(h)onradh nua chun seirbhísí a sholáthar agus na freagrachtaí a ghabhann leis an ról sin;
- aon bhaint a bhí ag an duine roimhe seo lena f(h)ostóir ionchasach nó le cliaint de chuid a f(h)ostóra ionchasaigh;
- fad ama na tréimhse iomchuí dá bhfuil an tarscaoileadh á iarraidh;
- na bearta, más ann dóibh, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go leormhaith go gcomhlíonfar cuspóirí an Achta;
- cé acu atá nó nach bhfuil cur i bhfeidhm an Achta ag cur isteach go míchuí ar an gcumas chun beatha a shaothrú; agus
- cé acu a fógraíodh nó nár fógraíodh go poiblí an post fostaíochta nó an conradh chun seirbhísí a sholáthar.

Fuair an Coimisiún cúig iarratas ar thoiliú faoi alt 22 den Acht sa bhliain 2017. I gceithre cinn de na cúig chás, thug an Coimisiún toiliú faoi réir coinníollacha. Sa chúigiú cás, níor thug an Coimisiún toiliú le haghaidh an tréimhse mharana a laghdú nó a tharscaoileadh.

## Cás Uimh 1

Bhíodh an t-iarratasóir ina státseirbhíseach sinsearach i roinn rialtais agus bhí an t-iarratasóir ag iarraidh seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar do chuideachta ar an gClár a sheol gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin leis an roinn lena mbaineann. D'iarr an t-iarratasóir go dtarscaoilfí na 6 mhí dheireanacha den tréimhse mharana ionas go bhféadfadh an t-iarratasóir na seirbhísí sainchomhairleoireachta sin a sholáthar.

Sa chás ar leith seo, thug an Coimisiún aird ar an bhfíric go raibh 6 mhí den tréimhse mharana dá bhforáiltear san Acht curtha isteach ag an iarratasóir cheana féin. Dheimhnigh an t-iarratasóir agus an chuideachta dá raibh an t-iarratasóir ag iarraidh seirbhísí a sholáthar araon nach mbeifí ag súil leis go nglacfadh an t-iarratasóir páirt in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta toirmiscthe, nó nach dtabharfadh an t-iarratasóir aon chomhairle i leith na ngníomhaíochtaí sin, le linn na tréimhse iomchuí agus nach raibh an tairiscint chun seirbhísí a sholáthar ag brath ar an iarratasóir a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí brústocaireachta le linn na tréimhse iomchuí.

Thug an Coimisiún faoi deara freisin go ndearna an t-iarratasóir iarratas chuig Bord na gCeapachán Seachtrach chun toiliú a fháil uaidh na seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar agus gur sholáthair an t-iarratasóir cóip den bhreith ón mBord an iarraidh sin a cheadú.

Chomhaontaigh an Coimisiún tarscaoileadh a dheonú i leith na 6 mhí dheireanacha den tréimhse mharana. Bhí an tarscaoileadh faoi réir roinnt coinníollacha, áfach, agus é mar aidhm leo a chinntiú nach bhféadfadh an t-iarratasóir gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh sna himthosca atá leagtha amach in alt 22.

Ní bhfuarthas aon achomharc sa chás seo.

## Cás Uimh 2

Bhíodh an t-iarratasóir ina chomhairleoir speisialta in dhá roinn rialtais ar leith agus bhí an t-iarratasóir ag iarraidh dul i mbun fostaíochta le cuideachta ar an gClár. D'iarr an t-iarratasóir go dtarscaoilfí na naoi mí dheireanacha den tréimhse mharana ionas go bhféadfadh an t-iarratasóir dul i mbun na fostaíochta sin.

Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric gurbh amhlaidh, maidir leis an gcuideachta ina raibh an t-iarratasóir ag iarraidh dul i mbun fostaíochta, nach ndearna an t-iarratasóir gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin leis an iarratasóir ná le haon cheann dá iarfhostóirí.

Dheimhnigh an t-iarratasóir agus an chuideachta araon nach mbeifí ag súil leis go nglacfadh an t-iarratasóir páirt in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta toirmiscthe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le hiarfhostóirí an iarratasóra nó le haon Oifigigh Phoiblí Ainmnithe bainteacha), nó nach dtabharfadh an t-iarratasóir aon chomhairle i leith na ngníomhaíochtaí sin, le linn na tréimhse iomchuí. Ní raibh an tairiscint fostaíochta leis an gcuideachta ag brath ar an iarratasóir a bheith páirteach in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta den sórt sin le linn na tréimhse iomchuí.

Chomhaontaigh an Coimisiún tarscaoileadh a dheonú i leith na naoi mí dheireanacha den tréimhse mharana. Bhí an tarscaoileadh faoi réir roinnt coinníollacha, áfach, agus é mar aidhm leo a chinntiú nach bhféadfadh an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh sna himthosca atá leagtha amach in alt 22.

Ní bhfuarthas aon achomharc sa chás seo.

## Cás Uimh 3

Bhíodh an t-iarratasóir ina chomhairleoir speisialta i roinn rialtais agus bhí an t-iarratasóir ag iarraidh dul i mbun fostaíochta le cuideachta ar an gClár. D'iarr an t-iarratasóir go dtarscaoilfí na 10 mí dheireanacha den tréimhse mharana ionas go bhféadfadh an t-iarratasóir dul i mbun na fostaíochta sin.

Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric gurbh amhlaidh, maidir leis an gcuideachta ina raibh an t-iarratasóir ag iarraidh dul i mbun fostaíochta, nach ndearna an t-iarratasóir gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin leis an iarratasóir ná lena iarfhostóir. Thug an Coimisiún aird freisin ar an bhfíric gur tairgeadh an post don iarratasóir tar éis próiseas iomaíoch.

Dheimhnigh an t-iarratasóir agus an chuideachta araon nach mbeifí ag súil leis go nglacfadh an t-iarratasóir páirt in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta toirmiscthe (lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le hiarfhostóirí an iarratasóra nó le haon Oifigigh Phoiblí Ainmnithe bhainteacha), nó nach dtabharfadh an t-iarratasóir aon chomhairle i leith na ngníomhaíochtaí sin, le linn na tréimhse iomchuí. Ní raibh an tairiscint fostaíochta leis an gcuideachta ag brath ar an iarratasóir a bheith páirteach in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta den sórt sin le linn na tréimhse iomchuí. Chuir an chuideachta in iúl freisin go raibh a gníomhaíochtaí brústocaireachta á seoladh ag ball foirne sinsearach eile.

Chomhaontaigh an Coimisiún tarscaoileadh a dheonú i leith na 10 mí dheireanacha den tréimhse mharana. Bhí an tarscaoileadh faoi réir roinnt coinníollacha, áfach, agus é mar aidhm leo a chinntiú nach bhféadfadh an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh sna himthosca atá leagtha amach in alt 22.

Ní bhfuarthas aon achomharc sa chás seo.

## Cás Uimh 4

Bhíodh an t-iarratasóir ina chomhairleoir speisialta i roinn rialtais agus bhí an t-iarratasóir ag iarraidh dul i mbun fostaíochta a mbeadh ceannaireacht oibríochtúil chomhpháirteach ar dhá eagraíocht ar leith i gceist leis. Sheol an dá eagraíocht gníomhaíochtaí brústocaireachta le hiar-roinn an duine agus, i gcás ceann amháin de na heagraíochtaí, rinne sí cumarsáid dhíreach leis an iarratasóir le déanaí.

D'iarr an t-iarratasóir go dtarscaoilfí na 10 mí dheireanacha den tréimhse mharana ionas go bhféadfadh an t-iarratasóir dul i mbun na fostaíochta sin. Bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh, bhí an Coimisiún den tuairim nach mbeadh an t-iarratasóir ag teacht le cuspóirí an Achta toiliú leis an iarratas. Bhí an t-iarratasóir den tuairim nach mbeadh an t-iarratasóir sin chun leas an phobail ach oiread. Diúltaíodh an t-iarratas ar thoiliú.

Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric go raibh an duine ag iarraidh dul i mbun fostaíochta, laistigh de thréimhse an-ghearr ama tar éis dó scor dá bheith ina Oifigeach Poiblí Ainmnithe, le heagraíocht a rinne brústocaireacht dhíreach leis an duine le déanaí agus leis an roinn a raibh an duine bainteach leis. Ina theannta sin, tairgeadh an post don duine gan aon phróiseas iomaíoch a reáchtáil.

Rinne an t-iarratasóir achomharc i gcoinne na breithe ón gCoimisiún ansin. Tarchuireadh an t-achomharc chuig oifigeach achomhairc neamhspleách. Sheas an t-oifigeach achomhairc leis an mbreith ón gCoimisiún.

Ní dhearnadh aon achomharc chuig an Ard-Chúirt in aghaidh na breithe ón oifigeach achomhairc.

## Cás Uimh 5

Bhíodh ag an iarratasóir post i roinn rialtais ar measadh gur post Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iomchuí é chun críocha alt 22 den Acht. Bhí an duine ag iarraidh dul i mbun fostaíochta le cuideachta ar an gClár. D'iarr an t-iarratasóir go dtarscaoilfí na 10 mí dheireanacha den tréimhse mharana ionas go bhféadfadh an t-iarratasóir dul i mbun na fostaíochta sin.

Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric gurbh amhlaidh, maidir leis an gcuideachta ina raibh an t-iarratasóir ag iarraidh dul i mbun fostaíochta, nach ndearna an t-iarratasóir gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin leis an iarratasóir ná lena iarfhostóir. Thug an Coimisiún aird freisin ar an bhfíric gur fógraíodh an post fostaíochta go poiblí agus gur tairgeadh an post don iarratasóir tar éis próiseas iomaíoch.

Dheimhnigh an t-iarratasóir agus an chuideachta araon nach mbeifí ag súil leis go nglacfadh an t-iarratasóir páirt in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta toirmiscthe a bhaineann le hiarfhostóirí an iarratasóra nó le haon Oifigigh Phoiblí Ainmnithe bhainteacha, nó nach dtabharfadh an t-iarratasóir aon chomhairle i leith na ngníomhaíochtaí sin, le linn na tréimhse iomchuí. Ní raibh an tairiscint fostaíochta leis an gcuideachta ag brath ar an iarratasóir a bheith páirteach in aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta den sórt sin le linn na tréimhse iomchuí.

Chomhaontaigh an Coimisiún tarscaoileadh a dheonú i leith na 10 mí dheireanacha den tréimhse mharana. Bhí an tarscaoileadh faoi réir roinnt coinníollacha, áfach, agus é mar aidhm leo a chinntiú nach bhféadfadh an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh sna himthosca atá leagtha amach in alt 22.

Ní bhfuarthas aon achomharc sa chás seo.

## Ábhair imní maidir le forálacha alt 22 den Acht

Tá seacht n-iarratas san iomlán ar thoiliú faoi alt 22 faighte ag an gCoimisiún ó thosach feidhme an Achta. I gcásanna áirithe, thug an Coimisiún faoi deara gurbh amhlaidh, maidir leis an duine atá ag déanamh iarratas ar thoiliú, gur éirigh leis/léi, le linn dó bheith fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí ar leith agus mar chuid dá ról nó dá f(h)eidhmeanna, roinnt teagmhálaithe nó méid tionchair a bhunú i gcomhlacht poiblí eile nó i gcomhlachtaí poiblí eile.

Srianta an-sonrach is ea na srianta atá in alt 22. Níl feidhm acu ach amháin maidir leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí a raibh an duine "bainteach" leis sa bhliain sular fhág an duine a p(h)ost nó maidir le haon duine eile a bhí ina (h)Oifigeach Poiblí Ainmnithe a bhí bainteach leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin. Chun críocha alt 22 den Acht, ciallaíonn "bainteach" go raibh an duine fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí nó gur shealbhaigh an duine oifig nó post eile ann.

Tríd is tríd, is é an cuspóir atá le srianta iarfhostaíochta nó tréimhsí "marana" a chinntiú nach mbainfear leas as faisnéis ón taobh istigh agus cosc a chur ar chóir fhabhrach agus ar rud ar a dtugtar cleachtais "dorais imrothlaigh" de ghnáth i réimse na heitice. Den chuid is mó, is é an cuspóir atá leo a chinntiú nach ngnóthóidh aon duine ar leith buntáiste éagórach maidir leis an eolas agus an bhaint a d'fhéadfadh Iaroifigeach Poiblí Ainmnithe a thabhairt i bpost iarfhostaíochta. Aithnítear an méid sin in alt 22 den Acht trí thagairt shonrach a dhéanamh don chomhlacht poiblí agus/nó d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a bhfuil an t-iarratasóir bainteach leo. Ní aithnítear san Acht, áfach, gur ag daoine aonair áirithe i gcomhlachtaí poiblí áirithe a bhíonn teagmháil leathan ina gcáil mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe. Dá bhrí sin, níl a gcuid eolais, tionchair nó bainte teoranta don chomhlacht poiblí ina raibh siad fostaithe nó inar shealbhaigh siad oifig roimhe sin.

Cé go bhféadfaidh an Coimisiún diúltú toiliú a thabhairt i leith an tréimhse mharana a laghdú nó a tharscaoileadh, ní fhéadfaidh sé déanamh amhlaidh ach amháin de réir fhorálacha alt 22 den Acht. Mar an gcéanna, cé go bhféadfaidh an Coimisiún toiliú a thabhairt faoi réir coinníollacha, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha sin ach amháin maidir leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí nó leis na hOifigigh Phoiblí Ainmnithe a raibh an duine "bainteach" leo.

Bhí roinnt iarratas ar thoiliú faoi alt 22 ann inar mheas an Coimisiún gurbh amhlaidh, mar gheall ar ról nó feidhmeanna an iarratasóra mar Oifigeach Poiblí Ainmnithe, gur tháinig sé/sí i dteagmháil le comhlachtaí eile seirbhíse poiblí nó le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe i gcomhlachtaí eile seirbhíse poiblí. Ní bheadh cineál na rannpháirtíochta sin ag teacht le meon an Achta ná leis an gcuspóir atá le halt 22, is é sin, bheith in ann srianta a fhorchur ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaineann le réimsí feidhme na gcomhlachtaí eile seirbhíse poiblí sin nó le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe sna comhlachtaí eile seirbhíse poiblí sin.

Ní chumasaítear le forálacha an Achta an méid sin a dhéanamh, áfach. Ní fhéadfaidh an Coimisiún coinníollacha a fhorchur a bhaineann le comhlacht seirbhíse poiblí nó le hOifigigh

Phoiblí Ainmnithe nach bhfuil an duine "bainteach" leo. Tá an Coimisiún den tuairim, dá bhrí sin, go neartófaí an tAcht dá ndéanfaí an sainmhíniú ar an téarma "bainteach" a leathnú chun go n-áireofaí leis comhlachtaí nó Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a bhfuil, "i dtuairim an Choimisiúin", sách eolais, tionchair nó bainte ag an duine ina leith chun údar a thabhairt le srianta iarfhostaíochta ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta leis na comhlachtaí eile seirbhíse poiblí sin agus/nó lena n-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe.

## Ciontuithe i leith cionta faoi alt 20 den Acht

### Cionta faoi alt 20(1) den Acht - Tuairisceáin dhéanacha

Foráiltear le halt 21 go bhféadfaidh an Coimisiún Fógra Íocaíochta Seasta a sheirbheáil ar dhuine a chuir tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach go déanach. Má mhainníonn aon duine an Íocaíocht Sheasta a íoc laistigh den tréimhse 21 lá dá bhforáiltear san Fhógra Íocaíochta Seasta, féadfaidh an Coimisiún an cion, faoi alt 20(1) den Acht, a bhaineann le tuairisceán a chur isteach go déanach a ionchúiseamh. Aon duine a dhéanann cion faoi alt 20(1) den Acht, dlífear, ar é/í a chiontú go hachomair, fíneáil d'Aicme C (€2,500 faoi láthair) a chur air/uirthi.

Sa bhliain 2017, d'eisigh an Coimisiún 64* fhógra chuig daoine inar cuireadh iad ar an eolas go raibh sé beartaithe iad a ionchúiseamh i leith an chiona a bhaineann le tuairisceán a chur isteach go déanach murar íoc siad an Fógra Íocaíochta Seasta (fógra alt 20(1)). Rinne formhór na ndaoine sin amhlaidh a luaithe a fuair siad an fógra. Ullmhaíodh cúig chomhad dá scrúdú, agus thionscain an Coimisiún imeachtaí ionchúisimh agus eisíodh toghairmeacha i leith dhá cheann díobh. I ngach cás, baineadh comhlíonadh amach gan dul ar aghaidh chuig an gcúirt. Dá réir sin, ní raibh aon chiontuithe ann faoin alt seo den Acht sa bhliain 2017.

** Áirítear leis an bhfigiúr seo litreacha dúblacha a eisíodh chuig roinnt cláraithe i gcás gur tugadh an litir bhunaidh ar ais chugainn.*

### Cionta faoi alt 20(2) den Acht – Mainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach

Sa bhliain 2017, d'eisigh an Coimisiún 198* bhfógra chuig daoine inar cuireadh iad ar an eolas go raibh sé beartaithe iad a ionchúiseamh murar chuir siad tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach (fógra alt 20(2)). Rinneadh ocht gcomhad a bhain leis an mainneachtain tuairisceán a chur isteach a ullmhú dá scrúdú. Thionscain an Coimisiún imeachtaí ionchúisimh agus eisíodh toghairmeacha i leith sé cinn díobh. Cé gur tionscnaíodh imeachtaí ionchúisimh i leith na gcomhad sin, tharla sé gur baineadh comhlíonadh amach i ngach cás. Dá bhrí sin, níor ciontaíodh aon duine sa bhliain 2017 i mainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach.

** Áirítear leis an bhfigiúr seo litreacha dúblacha a eisíodh chuig roinnt cláraithe i gcás gur tugadh an litir bhunaidh ar ais chugainn.*

## Fógraí Íocaíochta Seasta a seirbheáladh faoi alt 21 den Acht

Foráiltear le halt 21 go bhféadfaidh an Coimisiún Fógra Íocaíochta Seasta a sheirbheáil ar dhuine a chuir tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach go déanach. Mar atá luaite i gCaibidil 2 thuas, is é is aidhm don Chlár ar líne a chinntiú go n-eiseofar Fógra Íocaíochta Seasta go huathoibríoch chuig aon duine a chuireann tuairisceán isteach go déanach. San Fhógra Íocaíochta Seasta, cuirtear an duine ar an eolas nach mór dó/di an íocaíocht a dhéanamh laistigh de 21 lá.

Eisíodh 522 Fhógra Íocaíochta Seasta le linn na bliana 2017. Díobh sin, íocadh 434 cinn (€86,800) agus tá 12 cheann fós amuigh. Cealaíodh 76 Fhógra Íocaíochta Seasta i gcás gur cinneadh go raibh cúiseanna bailí ann le déanamh amhlaidh.

Tríd is tríd, is ar na cúiseanna seo a leanas amháin a chealaítear Fógraí Íocaíochta Seasta:

- i gcás gur chuir fadhb theicniúil ar Lobbying.ie cosc ar an duine tuairisceán a chur isteach in am;
- i gcás botún riaracháin, inar chuir an duine tuairisceán dúblach isteach don tréimhse mhícheart; agus/nó
- i gcás nach raibh ceanglas ar an duine clárú agus gur chláraigh sé/sí de bhotún.



# CAIBIDIL 4

## Cumarsáid agus For-rochtain

# Caibidil 4 - Cumarsáid agus For-rochtain

## Gníomhaíochtaí for-rochtana

Sa tuarascáil bhliantúil uaidh don bhliain 2016, luaigh an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige tabhairt faoi Chlár for-rochtana spriocdhírithe le linn na bliana 2017 chun a chinntiú go mbeadh daoine i réimsí agus in earnálacha atá faoi ghannionadaíocht ar an gClár ar an eolas go hiomlán faoi cheanglais an Achta. Chuige sin, seoladh feachtas for-rochtana straitéisí réigiúnaí le linn mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair 2017.

Foilsíodh alt i roinnt nuachtán réigiúnach inar tarraingíodh aird ar an éagsúlacht réigiúnach idir an líon cláruithe agus an líon tuairisceán a fuarthas agus inar leagadh béim ar raon feidhme an Achta i ndáil le criosú agus forbairt. I ngach cás, cuireadh an t-alt agus an phreaseisiúint ghaolmhar in oiriúint do na contaetha sin inar measadh gurbh íseal go háirithe a bhí an líon cláruithe agus an líon tuairisceán. Chomh maith leis sin, thug an Ceann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil roinnt agallamh leantach do nuachtáin réigiúnacha agus do stáisiúin raidió réigiúnacha agus thug sí láithreoireacht ag an gcomhdháil bhliantúil de chuid Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) i mBéal Átha na Sluaighe. Ba é an toradh a bhí ar an bhfor-rochtain sin gur tháinig méadú beag ar an líon cláruithe sna limistéir spriocdhírithe.

Ar mhaithe le feasacht a mhéadú ar raon feidhme an Achta i ndáil le criosú agus forbairt, d'fhreastail baill foirne an Choimisiúin ar an gCeathrú Cruinniú Mullaigh Bliantúil Náisiúnta maidir leis an bhFoirgníocht i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS).

Mar chuid dá straitéis cumarsáide ginearálta, d'óstáil an Coimisiún roinnt seisiún faisnéise oscailte do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag seoladh gníomhaíochtaí brústocaireachta. Ghlac baill foirne an Choimisiúin páirt i gceardlann agus i seisiún oiliúna a reáchtáladh do bhaill de The Wheel freisin.

Ar bhonn idirnáisiúnta, tugadh cuireadh don Cheann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil láithreoireacht a thabhairt thar ceann an Choimisiúin ag comhdháil maidir le brústocaireacht a d'óstáil Clár Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh sa Bhruiséil agus ag comhdháil maidir le coinbhleachtaí leasa agus doirse imrothlacha a thionóil an Coimisiún Eorpach in Barcelona.

Chomh maith leis sin, tugadh cuireadh don Choimisiún páirt a ghlacadh i nGrúpa Comhairleach a chuir Cláraitheoir Brústocaireachta na hAlban ar bun, áit ar chomhroinn baill foirne an Choimisiúin an taithí atá acu ar Chlár Brústocaireachta na hÉireann a chur chun feidhme.

Ar leithligh ó chéile, d'óstáil an Coimisiún toscaireachtaí ar cuairt ó Ollscoil Groningen, an Ísiltír, agus ó Chúirt Phobail Bhéising, an tSín.

Tá an Coimisiún ina bhall den Chomhairle um Dhlíthe Eitice Rialtais (COGEL) go fóill.

## Uirlisí faisnéise agus acmhainní

Tugtar le halt 17 den Acht d'údarás don Choimisiún treoir a eisiúint agus faisnéis a chur ar fáil chun feasacht faoin Acht agus tuiscint air a chur chun cinn. D'fhoilsigh an Coimisiún sraith treoirlínte cheana féin, atá sainoiriúnaithe do pháirtithe éagsúla a bhfuil leas acu san Acht. Tá na treoirlínte sin foilsithe ar an suíomh gréasáin. Coinnítear iad faoi athbhreithniú agus nuashonraítear iad de réir mar is gá. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú iomlán ar a chuid treoirlínte le linn na bliana 2018.

Tá doiciméad Ceisteanna Coitianta ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin. Pléitear sa doiciméad sin le réimsí sonracha den reachtaíocht. Tá sé bunaithe ar fhreagraí ón gCoimisiún ar cheisteanna a tháinig chun cinn agus ar léirmhíniú an Achta in imthosca fíorshaoil. Nuashonraítear an doiciméad Ceisteanna Coitianta go rialta chun treoir ón gCoimisiún maidir le nithe ar leith a chur leis. Sa Tuarascáil ar an gCéad Athbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil arna heisiúint ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tarraingíodh aird ar roinnt réimsí ina bhféadfadh an Coimisiún ábhar treorach breise a chur le chéile. Ag eascairt as na moltaí sin, chuir an Coimisiún roinnt Ceisteanna Coitianta breise le chéile nó nuashonraigh sé an doiciméad Ceisteanna Coitianta a bhí ann cheana maidir leis na nithe seo a leanas:

- an difríocht idir cumarsáidí cosmhuintire, ollchumarsáidí agus cumarsáidí spriocdhírithe;
- cumarsáid idir páirtí polaitíochta agus a ionadaithe tofa;
- míniú ar an gcumarsáid “eiscthe” (dhíolmhaithe) faoi alt 5(5)(m) den Acht a bhaineann leis an “ngnáthchúrsa gnó” de chuid comhlachta chorpraithe ina sealbhaíonn Aire den Rialtas scaireanna nó a bhfuil feidhmeanna reachtúla aige/aici i ndáil leis;
- raon feidhme an Achta maidir le cumarsáidí a dhéantar lasmuigh d'Éirinn;
- na nithe cur i ngníomh nó na nithe de chineál teicniúil nach meastar gur gníomhaíocht brústocaireachta iad;
- tuairisceáin nialasacha;
- clárú de bhotún;
- scor go buan de bhrústocaireacht; agus
- próisis chomhairliúcháin phoiblí.

## Stór lárnach comhlachtaí a oibríonn faoin gCód Trédhearcachta


Rud eile a bhí sa Tuarascáil ar an gCéad Athbhreithniú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil arna heisiúint ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ba ea an moladh go soláthródh an Coimisiún "stór lárnach" le haghaidh liosta "comhlachtaí iomchuí" a oibríonn faoin gCód Trédhearcachta dá bhforáiltear faoi alt 5(7) den Acht. (Féach www.lobbying.ie/ga/cuidiú-agus-acmhainní/faisnéis-do-chomhlachtaí-poiblí/chód-trédhearcachta chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi "chomhlachtaí iomchuí" agus faoin gCód Trédhearcachta.)

Ceanglaítear le halt 6(4) den Acht go ndéanfadh gach comhlacht poiblí a bhfuil Oifigigh Phoiblí Ainmnithe arna gceapadh faoi alt 6 den Acht acu liosta cothrom le dáta dá n-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe a fhoilsiú. Tá ar Lobbying.ie liosta Oifigeach Poiblí Ainmnithe lena nasctar chuig na leathanaigh iomchuí Oifigeach Poiblí Ainmnithe ar shuíomhanna gréasáin na gcomhlachtaí poiblí. Iarrtar ar chomhlachtaí poiblí freisin oifigeach idirchaidrimh a cheapadh ar féidir leis an gCoimisiún dul i dteagmháil leis/léi maidir leis an liosta Oifigeach Poiblí Ainmnithe.

D'iarr an Coimisiún ar gach comhlacht poiblí (mura raibh sé déanta acu cheana féin) leathanach maidir le "Brústocaireacht a Rialáil" a chruthú ar a suíomh gréasáin féin. Mar aon le sonraí a thabhairt faoina n-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ar an leathanach sin, iarradh ar na comhlachtaí poiblí sonraí a thabhairt freisin faoi na "comhlachtaí iomchuí" a thagann faoina sainchúram. D'fhéadfaí an fhaisnéis a cheanglaítear ar an gcomhlacht poiblí a fhoilsiú faoin gCód Trédhearcachta maidir lena chomhlachtaí iomchuí a thabhairt ar an leathanach sin freisin.

Ní bheidh aon stór críochnaitheach, áfach, in éagmais ceanglas dlí a bheith ar chomhlachtaí poiblí faisnéis den sórt sin a chur ar fáil. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún iarraidh ar na comhlachtaí poiblí an fhaisnéis sin a chur ar fáil agus a chur in iúl cén áit a bhfuil sí ar fáil, mar aon le séanadh a thabhairt nach bhfuil an liosta uileghabhálach. Chuir an Coimisiún leathanach tiomnaithe ar bun ar lobbying.ie (www.lobbying.ie/ga/cuidiú-agus-acmhainní/faisnéis-do-bhrústocairí/liosta-ops), rud ar a bhfuil naisc chuig na leathanaigh maidir le "Brústocaireacht a Rialáil" de chuid na gcomhlachtaí poiblí éagsúla agus chuig an stór le haghaidh sonraí faoi "chomhlachtaí iomchuí". Mar sin féin, níl an Coimisiún freagrach as an bhfaisnéis faoi na comhlachtaí iomchuí de chuid comhlachtaí poiblí aonair a choinneáil cothrom le dáta.

Iarrtar ar chomhlachtaí poiblí na sonraí atá tugtha ar a suíomh gréasáin faoina n-Oifigigh Phoiblí Ainmnithe agus faoina gcomhlachtaí iomchuí a sheiceáil agus a thabhairt cothrom le dáta ag deireadh gach tréimhse tuairisceán.



# CAIBIDIL 5

## Príomh-Shaincheisteanna sa Bhliain 2017 agus na Chéad Chéimeanna Eile

# Caibidil 5 – Príomh-Shaincheisteanna sa Bhliain 2017 agus na Chéad Chéimeanna Eile

## Béim mhéadaithe ar cháilíocht na faisnéise a chuirtear isteach chuig an gClár

### Iarratais ar chlárú

Fuarthas níos mó ná 1,500 iarratas ar chlárú le linn na chéad bhliana d'oibriú an Achta. Mar gheall ar an líon cláraithe sin, ní raibh an Coimisiún in ann a sheiceáil le gach cláraí cé acu a bhí nó nach raibh ceanglas air/uirthi clárú ar chor ar bith. Tá sé de fhreagracht ar dhuine atá ag déanamh iarratas ar chlárú é/í féin a shásamh go dtagann sé/sí faoi raon feidhme an Achta agus gur sheol sé/sí gníomhaíocht brústocaireachta mar atá sainithe san Acht.

Mar atá luaite i gCaibidil 1 thuas, léiríodh le linn maoirseacht a dhéanamh ar na forálacha forfheidhmithe gurbh amhlaidh, maidir le líon suntasach cláraithe nár chomhlíon an tAcht trí mhainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach nó trí thuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach go déanach, nach raibh aon cheanglas orthu clárú ar chor ar bith. Tharla sé nár tháinig siad faoi raon feidhme an Achta nó nach raibh gníomhaíocht brústocaireachta á seoladh acu. In ionad duine a ionchúiseamh i leith na gcionta thuasluaite (i gcás nach raibh aon oibleagáid ar an duine clárú sa chéad áit), d'fhéach an Coimisiún leis na daoine lena mbaineann a bhaint den Chlár.

Mar a bheifí ag súil leis, tá laghdú tagtha le himeacht ama ar an líon iarratas nua ar chlárú. Cumasaíonn sé sin don Choimisiún tuilleadh airde a thabhairt ar iarratais nua agus athbhreithniú a dhéanamh ar chláruithe roimhe i gcás go bhfuil amhras ann faoi cé acu a bhí nó nach raibh oibleagáid ar an duine clárú. Mar a luadh níos luaithe, déantar athbhreithniú ar gach iarratas ar chlárú anois chun a chinntiú go bhfuil ceanglas ar an duine lena mbaineann clárú. Má chreideann an Coimisiún go bhféadfadh nach mbeadh ceanglas ar aon duine clárú, déanfaidh sé teagmháil leis an duine sin agus féachfaidh sé ar cheanglais an Achta.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint le dul i dteagmháil le gach cláraí nua sa bhliain 2018 chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas go hiomlán faoi cheanglais an Achta agus gur deimhin leo go bhfuil ceanglas orthu clárú. Meastar go gcinnteoidh sé sin nach mbeidh fágtha ar an gClár ach na daoine sin a bhfuil ceanglas iarbhír orthu bheith cláraithe.

### Tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta

Sa bhliain 2017, rinne an Coimisiún iarracht chomhbheartaithe a chinntiú go gcuirfí feabhas ar cháilíocht na faisnéise atá i dtuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta. Seiceáiltear gach tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta anois chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá iontu fiúntach agus soiléir.

Má fhaigheann sé amach go bhfuil an fhaisnéis atá i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta mícheart nó míthreorach nó nach bhfuil sách sonraí inti, féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint as na cumhachtaí atá aige faoi alt 13 chun iarraidh ar an gCláraí an tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaint nó a cheartú, de réir mar is cuí. Mura ndéantar an fhaisnéis a cheartú nó a bhaint, féadfaidh an Coimisiún, faoi alt 13(3), an fhaisnéis a bhaint láithreach den Chlár.

I gcás go ndéanann an Coimisiún iarratas ar chlárú nó tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaint den Chlár faoi alt 13, measfar nár chláraigh an duine lena mbaineann nó nár chuir sé/sí an tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach riamh. Má bhaintear faisnéis den Chlár faoi alt 13, mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí ann do dhuine i ndáil le smachtbhannaí i leith mainneachtain tuairisceáin a chur isteach nó i leith tuairisceáin a chur isteach go déanach.

Foráiltear le halt 10(5) den Acht go bhféadfaidh aon duine fógra a thabhairt don Choimisiún i gcás go measann sé/sí go bhfuil faisnéis atá sa Chlár míchruinn nó míthreorach. I gcás go gcuirtear in iúl don Choimisiún go bhfuil an fhaisnéis atá i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta mícheart nó míthreorach (cibé acu trí thuairisc a thugtar faoi alt 10(5) den Acht nó trí thuairisc a thugtar ar shlí eile), déanfaidh an Coimisiún aon fhiosruithe atá riachtanach agus, más gá, iarrfaidh sé go leasófaí an fhaisnéis lena mbaineann. Cuirfidh an Coimisiún an duine a thuairiscigh an fhaisnéis mhíchruinn ar an eolas faoi thoradh a fhiosruithe.

## Cód iompair a fhorbairt

Foráiltear le halt 16(1) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún *"cód iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta, agus é a athbhreithniú ó am go ham...."*

Nuair a tosaíodh an tAcht, chinn an Coimisiún forbairt an chóid iompair a iarchur go dtí go mbeadh na forálacha uile den Acht i bhfeidhm agus go dtí go mbeadh sách ama dulta thart chun iad a chur chun feidhme ina n-iomláine. Measadh freisin go mbeadh sé stuama fanacht go dtí go mbeadh an chéad athbhreithniú ar an Acht críochnaithe. Toisc go bhfuil an tAcht iomlán tosaithe agus gur críochnaíodh an t-athbhreithniú gan aon tograí reachtacha nua a chur ar aghaidh, measann an Coimisiún go bhfuil sé cuí cód iompair a fhorbairt anois.

Cuireadh tús cheana féin le dréachtpháipéar comhairliúcháin agus dréachtchód iompair a ullmhú. Le linn dó an páipéar comhairliúcháin agus an dréachtchód iompair a ullmhú, thug an Coimisiún aird ar roinnt cód agus próiseas comhairliúcháin den chineál céanna atá ann i ndlínsí eile.

Foráiltear le halt 16(3) den Acht go bhféadfaidh *"forálacha éagsúla i ndáil le tuairiscí éagsúla de dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta a bheith sa chód iompair"*. Cé gurb amhlaidh, mar gheall ar an éagsúlacht agus an raon daoine a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an Achta, go gcruthaítear dúshláin maidir le sraith caighdeán comhroinnte a shainiú ar a bhféadfaí aon chód

iompair a bhunú, tá muinín ag an gCoimisiún go mbeidh sé in ann sraith prionsabal agus caighdeán comhroinnte a chomhaontú is féidir a chur i bhfeidhm go cothrom i leith brústocairí gairmiúla agus i leith fostóirí, comhlachtaí ionadaitheacha/tathanta agus daoine aonair araon. Ina fhianaise sin, agus mar gheall ar an raon leathan daoine a bhfuil feidhm ag an Acht maidir leo, meastar gur fearr anseo cód iompair atá bunaithe ar phrionsabail ná cód iompair atá bunaithe ar rialacha.

Foráiltear le halt 16(2) den Acht gurb amhlaidh, sula ndéanfaidh an Coimisiún aon chód iompair a tháirgeadh, go *"rachaidh sé i gcomhairle le cibé daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus le cibé comhlachtaí atá ionadaitheach dóibh, agus le cibé daoine eile, is cuí leis an gCoimisiún"*. Tá sé beartaithe tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin go luath sa bhliain 2018.



# CAIBIDIL 6

## Moltaí le hAghaidh Athruithe

# Caibidil 6 – Moltaí le hAghaidh Athruithe

## Moltaí a rinneadh roimhe seo

Moladh roinnt athruithe san aighneacht ón gCoimisiún don chéad athbhreithniú ar an Acht, arbh athruithe iad, i dtuairim an Choimisiúin, lena neartófaí an tAcht agus lena gcabhrófaí leis an Acht a shoiléiriú dá gcuirfí chun feidhme iad. Is féidir sonraí faoi na moltaí a rinne an Coimisiún a fháil in Aguisín 1 a ghabhann leis an aighneacht ón gCoimisiún.

www.lobbying.ie/ga/maidir-linn/reachtaíocht/athbhreithniú-reachtach-ar-an-acht-um-brústocaireacht-a-rialáil-2015-arna-gcur-isteach-ag-an-gcoimisiún-um-chaighdeáin-in-oifigí-poiblí

## Moltaí nua

Sa tuarascáil bhliantúil seo, leagann an Coimisiún amach dhá réimse eile a measann sé go bhféadfaí na forálacha reachtacha a shoiléiriú nó a leasú iontu ar mhaithe leis an Acht a neartú agus a shoiléiriú.

### 1) Alt 22 – An tréimhse mharana

Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar alt 22 den Acht ionas go bhféadfaí, i gcásanna inar cuí leis an gCoimisiún é, srianta a fhorchur ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaineann le réimsí feidhme comhlachtaí eile seirbhíse poiblí nó le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe i gcomhlachtaí eile seirbhíse poiblí nach bhfuil an t-iarratasóir "bainteach" leo. D'fhéadfadh sé sin teacht chun cinn i gcás go bhfuil sách rannpháirtíochta, tionchair nó teagmhálaithe ag an iarratasóir i gcomhlacht poiblí eile nó i gcomhlachtaí poiblí eile agus i gcás nach mbeadh sé ag teacht le meon alt 22 den Acht toiliú a thabhairt don iarratasóir gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh leis an gcomhlacht poiblí eile nó leis na comhlachtaí poiblí eile nó le daoine atá bainteach leis na comhlachtaí sin.

### 2) Gníomhaíochtaí brústocaireachta i ndáil le criosú agus forbairt

Ba cheart breithniú a dhéanamh sa chéad athbhreithniú eile ar an Acht ar cé acu is gá nó nach gá raon feidhme fhorálacha alt 5(1)(c) den Acht a theorannú.

## Conclúid

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le sainaithint a dhéanamh ar na deiseanna atá ann feasacht faoin Acht agus tuiscint air a mhéadú ar mhaithe le comhlíonadh a chur chun cinn. Agus riar éifeachtach an *Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*, á chinntiú aige, féachfaidh an Coimisiún le trédhearcacht agus le dea-rialachas a chothú sa saol poiblí in Éirinn.

# AGUISÍN



# Aguisín 1 - An Ról Maoirseachta faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

## Forbhreathnú ginearálta

Foráiltear leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (an tAcht), go ndéanann duine a thagann faoi raon feidhme an Achta cumarsáid iomchuí (go bhfuil sé/sí ag déanamh brústocaireachta) i gcás go ndéanann sé/sí cumarsáid le hOifigeach Phoiblí Ainmnithe maidir le ní iomchuí. Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin rialta ar líne maidir lena g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach.

Leagtar amach in alt 5(1) agus (2) den Acht na catagóirí duine a thagann faoi raon feidhme an Achta, is iad sin:

- duine ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe lánaimseartha;
- comhlacht ionadaitheach ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó, i gcás go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí;
- comhlacht tathanta ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó, i gcás go mbaineann na cumarsáidí iomchuí le haon cheann de na saincheisteanna sin;
- aon duine (duine aonair nó eagraíocht) atá ag déanamh "cumarsáid iomchuí" faoi thalamh a fhorbairt nó a chriosú i gcás nach ionann an talamh sin agus a p(h)ríomháit chónaithe; agus
- "brústocaire gairmiúil" a fhaigheann íocaíocht as gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh thar ceann duine a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí daoine thuas.

Áirítear le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe Airí den Rialtas agus Airí Stáit, Comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa do thoghlaigh in Éirinn, agus Comhaltaí d'Údaráis Áitiúla. Áirítear le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe freisin comhairleoirí speisialta agus na státseirbhísigh agus na seirbhísigh phoiblí is sinsearaí arna n-ainmniú mar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe le hOrdú ón Aire.

Is é is ní iomchuí ann aon ní a bhaineann le haon bheartas poiblí nó le haon Chlár poiblí a thionscnamh, a fhorbairt nó a mhodhnú, le hachtachán a ullmhú, nó le dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó comhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena ngabhann cistí poiblí. Is cumarsáidí iomchuí iad nithe a bhaineann le talamh agus a chriosú freisin.

Foráiltear le halt 5(5) den Acht do roinnt díolúintí maidir le cumarsáidí a meastar gur cumarsáidí iomchuí iad.

## An Clár

Is córas Gréasánbhunaithe atá sa Chlár é féin. Mar aon leis an gClár ar líne a óstáil, cuimsítear ar an suíomh gréasáin www.lobbying.ie uirlisí faisnéise agus treorach lena mínítear na próisis le haghaidh clárú agus tuairisceáin a chur isteach.

Ní ghearrtar aon chostas i leith clárú, tuairisceáin a chur isteach ná teacht ar an bhfaisnéis atá ar fáil sa Chlár. Cé go bhfuil sé de fhreagracht ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar chothabháil an Chláir, bíonn ábhar an Chláir faoi réir na faisnéise a thugtar sna hiarratais ar chlárú agus sna tuairisceáin a chuireann cláraithe isteach.

Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin a chur isteach trí huaire in aghaidh na bliana, ina gcuimsítear na "tréimhsí iomchuí" forordaithe (an 1 Eanáir – an 30 Aibreán, an 1 Bealtaine – an 31 Lúnasa, agus an 1 Meán Fómhair – an 31 Nollaig). Ní mór na tuairisceáin a chur isteach faoi na "dátaí iomchuí" forordaithe faoi seach (an 21 Bealtaine, an 21 Meán Fómhair agus an 21 Eanáir faoi seach).

Ní mór na nithe seo a leanas a léiriú sa tuairisceán: cé hé/hí a ndearnadh brústocaireacht air/uirthi; ábhar na gníomhaíochta brústocaireachta agus na torthaí a bheartaigh an duine a bhaint amach léi. Ní mór cineál agus méid na gníomhaíochta brústocaireachta a léiriú sa tuairisceán freisin. Má seoladh an ghníomhaíocht brústocaireachta thar ceann cliaint, ní mór sonraí faoin gcliant a chur ar fáil sa tuairisceán.

## Forálacha eile

### Iarratais ar fhoilsiú a mhoilliú faoi alt 14 den Acht

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar mhoill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá ina (h)iarratas ar chlárú nó ina t(h)uairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcás, maidir le haon fhaisnéis a chur ar fáil, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis:

1. go mbeadh drochéifeacht thromaí ag an gcur ar fáil sin ar leasanna airgeadais an Stáit, ar an ngeilleagar náisiúnta, nó ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar leasanna gnó daoine d'aon tuairisc (iarratas arna dhéanamh faoi alt 14(1)(a) den Acht), nó

2. go mbeadh an cur ar fáil sin ina chúis le caillteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó go ndéanfaí dochar mór leis an gcur ar fáil sin do staid iomaíochta an duine sin i seoladh shlí bheatha, ghairm nó ghnó an duine nó do thoradh aon chaibidlí conarthacha nó eile atá á seoladh ag an duine sin (iarratas arna dhéanamh faoi alt 14(1)(b) den Acht).

Má dhéantar iarratas faoi alt 14(1)(a), ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le haon Aire/Airí iomchuí den Rialtas ina leith. Ní cheanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le hAire/Airí más faoi alt 14(1)(b) a dhéantar an t-iarratas.

Foráiltear le halt 14(9) den Acht gurb amhlaidh, nuair a fhoilseoidh an Coimisiún na tuairisceáin dá éis sin, nach mór dó míniú a fhoilsiú ar an gcúis ar moillíodh foilsiú na faisnéise.

Foráiltear le halt 14(11) den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh foilsiú a mhoilliú níos mó ná uair amháin i ndáil le faisnéis atá i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta.

## An tréimhse "mharana" dá bhforáiltear faoi alt 22 den Acht

Foráiltear le halt 22 den Acht go mbeidh Airí den Rialtas, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh phoiblí shinsearacha arna bhforordú chun críocha alt 6(1) den Acht faoi réir tréimhse mharana aon bhliana. Is tréimhse é sin ar lena linn nach bhféadfaidh siad gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha agus nach bhféadfaidh siad bheith fostaithe ag duine, ná nach soláthróidh siad seirbhísí do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Is ionann an tréimhse mharana agus an tréimhse aon bhliana amháin dar tosach an lá a scoir an duine dá bheith ina (h)Oifigeach Poiblí Ainmnithe.

Is iad na himthosca lena mbaineann alt 22 den Acht aon imthosca inarb amhlaidh, maidir leis na cumarsáidí a dhéanamh arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh:

1. go bhfuil baint acu le haon chomhlacht seirbhíse poiblí lena raibh an duine fostaithe nó lena raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht, nó

2. gur chuig duine a bhí ina (h)Oifigeach Poiblí Ainmnithe freisin agus a bhí fostaithe nó a raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse mharana aon bhliana iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún go ndéanfaí an tréimhse mharana a laghdú nó a tharscaoileadh.

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh toiliú gan choinníoll a thabhairt le laghdú na tréimhse marana nó le tarscaoileadh na tréimhse marana nó féadfaidh sé coinníollacha a chur ag gabháil leis an toiliú. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh diúltú toiliú a thabhairt i leith iomlán na tréimhse marana ná i leith aon choda di.

Faoi alt 23 den Acht, is amhlaidh, maidir le haon duine arb éagóir leis/léi breith ón gCoimisiún faoi alt 22, go bhféadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe ón gCoimisiún. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe painéil oifigeach achomhairc neamhspleách ar bun chun achomhairc den sórt sin a éisteacht. Faoi alt 23, tarchuirfear an t-achomharc chuig oifigeach

achomhairc neamhspleách, ar duine é/í a fhéadfaidh seasamh le breith ón gCoimisiún nó an bhreith a aisiompú agus breith eile a chur ina háit.

Foráiltear le halt 24 den Acht go bhféadfar achomharc in aghaidh na breithe ón oifigeach achomhairc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt.

Cuimsítear san Acht roinnt forálacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Foráiltear leis freisin do shásra achomhairc neamhspleách i dtaca le breitheanna/ cinntí áirithe a thugann nó a dhéanann an Coimisiún faoin Acht i ndáil le faisnéis mhíchruinn a thuairisciú; foilsiú moillithe; agus iarratais ar an tréimhse mharana aon bhliana a tharscaoileadh.

Ar deireadh, foráiltear le halt 2 den Acht d'athbhreithniú reachtach a dhéanamh ar an Acht. Tar éis an athbhreithnithe, féadfaidh an tAire breithniú a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Acht. Ní mór don Aire tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar thoradh an athbhreithnithe agus ar aon mholtaí maidir le leasuithe ar an Acht.


## Ionstraimí reachtúla faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil

Tugadh sé ionstraim reachtúla isteach faoin Acht, ba iad sin:


- An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme) (I.R. Uimh. 152 de 2015);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Achomhairc), 2015 (I.R. Uimh. 366 de 2015);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) (I.R. Uimh. 367 de 2015);
- An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme), 2016 (I.R. Uimh. 360 de 2016);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Fógra Íocaíochta Seasta), 2016 (I.R. Uimh. 361 de 2016); agus
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), 2016 (I.R. Uimh. 362 de 2016).

# Aguisín 2 - Staitisticí


## An líon iomlán Cláraithe de réir bliana




## An líon Tuairisceán de réir tréimhse tuairiscithe sa bhliain 2017




## An líon Tuairisceán de réir réimse beartais phoiblí: Eanáir – Nollaig 2017



## Láthair réigiúnach na gcláraithe

An Bhreatain Mhór: 41
An chuid eile den Eoraip: 17
An chuid eile den Domhan: 8

**Iomlán: 1678**




Faoi mar a tharla an bhliain seo caite, is cúis imní don Choimisiún go fóill é an líon íseal cláraithe i roinnt contaetha. Cé nach cúis iontais é go bhfuil an céatadán is airde de chláraithe lonnaithe i mBaile Átha Cliath, príomhchathair na tíre, is cúis imní é go bhfuil níos lú ná deichniúr cláraithe ag roinnt contaetha. Ós rud é go n-áirítear comhaltaí agus baill foirne shinsearacha d'údaráis áitiúla, Teachtaí Dála, Seanadóirí agus daoine eile le hOifigigh Phoiblí Ainmnithe, bheifí ag súil leis go mbeadh gníomhaíochtaí brústocaireachta ar siúl ar leibhéal áitiúil i ngach contae agus go mbeadh líon i bhfad níos airde cláraithe ag na contaetha go léir.